RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1204 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Bealtaine 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta iarratais agus an nós imeachta roghnúcháin faoin gCiste don Nuálaíocht

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10a(8), an ceathrú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht. Bunaítear leis an Rialachán sin nós imeachta iarratais dhá chéim ina bhfuil léiriú spéise agus an t-iarratas iomlán.

(2) Cé go bhfuil sé de bhuntáiste ag an nós imeachta iarratais dhá chéim an t-ualach riaracháin a laghdú le haghaidh thogróirí an tionscadail sa chéad chéim, méadaíonn sé an tréimhse idir cur isteach na n-iarratas agus soláthar cistithe do na tionscadail rathúla. Léiríodh leis an taithí a fuarthas leis an gcéad ghlao ar thograí, lena bhfuarthas líon ard iarratas a raibh leibhéil éagsúla aibíochta tionscadail ag baint leo, go bhfuil gá an tréimhse sin a laghdú chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail aibí in am trátha. Bheadh tairbhí ag baint le laghdú na tréimhse sin freisin i gcomhthéacs an téarnaimh eacnamaíoch, i gcás ina bhfuil gá infheistíochtaí a bhaineann le huas-scálú teicneolaíochtaí glana a shlógadh go gasta.

(3) Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta iarratais aon chéime ina bhfuil an t-iarratas iomlán gan céim an léirithe spéise. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann rogha a dhéanamh idir an nós imeachta iarratais dhá chéim agus an nós imeachta iarratais aon chéime, de réir mar is iomchuí, agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le seoladh na nglaonna ar thograí.

(4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856, foráiltear do chúnamh forbartha tionscadail le haghaidh tionscadail nach gcomhlíonann an critéar maidir le haibíocht tionscadail a leagtar amach in Airteagal 11(1), pointe (c) den Rialachán sin, ach a bhfuil an poitéinseal acu an critéar sin a chomhlíonadh. I gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856, féadfaidh an cúnamh a bheith i bhfoirm deontais agus san fhoirm sin amháin. Chun forbairt bhreise na dtionscadal sin a éascú, is gá soláthar cúnaimh den sórt sin i bhfoirm cúnamh teicniúil a cheadú freisin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht (IO L 140, 28.5.2019, lch. 6).

"(d) tuairisc ar an nós imeachta iarratais lena sonraítear cé acu atá feidhm ag an nós imeachta aon chéime nó ag an nós imeachta dhá chéim, agus liosta mionsonraithe faisnéise agus doiciméadachta atá le cur isteach leis an iarratas;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) i gcás ina bhfuil tionscadail ar mhionscála faoi réir nós imeachta iarratais simplithe i gcomhréir le hAirteagal 10(4) agus faoi réir nós imeachta roghnúcháin sonrach i gcomhréir le hAirteagal 12b, na rialacha maidir leis na nósanna imeachta sonracha sin;";

(2) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Baileoidh an comhlacht cur chun feidhme na hiarratais agus eagróidh sé an nós imeachta iarratais mar a chinntear de bhun Airteagal 9(2), pointe (d).";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

"2. Is é a bheidh sa nós imeachta iarratais dhá chéim na céimeanna seo a leanas ina dhiaidh sin:

(a) céim an léirithe spéise;

(b) céim an iarratais iomláin.

Ag céim an léirithe spéise, cuirfidh togróir an tionscadail isteach tuairisc ar phríomhthréithe an tionscadail i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa ghlao ábhartha ar thograí, lena n-áirítear tuairisc ar éifeachtacht, leibhéal nuálaíochta agus aibíocht an tionscadail mar a shonraítear in Airteagal 11(1), pointí (a), (b) agus (c).

Ag céim an iarratais iomláin, cuirfidh togróir an tionscadail isteach tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal agus an doiciméadacht tacaíochta uile, lena n-áirítear an plean um malartú eolais.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag an nós imeachta iarratais aon chéime, cuirfidh togróir an tionscadail isteach iarratas iomlán mar a bhfuil tuairisc air i mír 2, an tríú fomhír.";

(3) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 12:

"**Nós imeachta roghnúcháin maidir leis an nós imeachta iarratais dhá chéim**";

(b) scriostar mír 6;

(4) cuirtear na hAirteagail 12a agus 12b seo a leanas isteach:

"Airteagal 12a

Nós imeachta roghnúcháin maidir leis an nós imeachta iarratais aon chéime

1. Ar bhonn na n-iarratas a fhaightear, déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme measúnú ar incháilitheacht gach tionscadail i gcomhréir le hAirteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE. Ansin leanfaidh an comhlacht cur chun feidhme ar aghaidh le roghnú na dtionscadal incháilithe faoi mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal sin.

2. Ar bhonn na n-iarratas a fhaightear, tarraingeoidh an comhlacht cur chun feidhme suas liosta na dtionscadal a chomhlíonann na critéir roghnúcháin a leagtar síos in Airteagal 11 agus leanfaidh sé ar aghaidh le meastóireacht agus rangú na dtionscadal bunaithe ar na critéir roghnúcháin a leagtar síos san Airteagal sin. Chun críocha na meastóireachta sin, cuirfidh an comhlacht cur chun feidhme na tionscadail i gcomparáid leis na tionscadail as an earnáil chéanna chomh maith le tionscadail as earnálacha eile. Ag deireadh na meastóireachta, tarraingeoidh an comhlacht cur chun feidhme suas liosta tionscadal réamhroghnaithe.

3. I gcás ina dtagann an comhlacht chur chun feidhme ar an gconclúid go gcomhlíonann tionscadal na critéir roghnúcháin a leagtar síos in Airteagal 11(1), pointí (a), (b), (d) agus (e) agus, i gcás inarb infheidhme, na critéir roghnúcháin a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 11(2), ach nach gcomhlíonann sé an critéar a leagtar síos in Airteagal 11(1), pointe (c), déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme measúnú ar phoitéinseal an tionscadail sin chun an critéar roghnúcháin sin a chomhlíonadh má dhéantar é a fhorbairt tuilleadh. I gcás ina gcinntear go bhfuil an poitéinseal sin ag an tionscadal, féadfaidh an comhlacht cur chur chun feidhme cúnamh forbartha tionscadail a dhámhachtain ar an tionscadal lena mbaineann nó, i gcás inarb é an Coimisiún a dhéanann cúnamh forbartha tionscadail a dhámhachtain, féadfaidh an comhlacht cur chun feidhme a mholadh don Choimisiún cúnamh forbartha tionscadail a dhámhachtain ar an tionscadal.

4. Cuirfear an liosta tionscadal réamhroghnaithe dá dtagraítear i mír 2 agus, i gcás inarb infheidhme, an moladh dá dtagraítear i mír 3 in iúl don Choimisiún agus áireofar leis an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) deimhniú go gcomhlíontar na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin;

(b) mionsonraí maidir le meastóireacht agus rangú an tionscadail;

(c) costais iomlána an tionscadail agus costais ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 5, in euro;

(d) an iarraidh ar an tacaíocht iomlán ón gCiste don Nuálaíocht in euro,

(e) méid réamh-mheasta astaíochtaí gás ceaptha teasa atá le seachaint;

(f) méid réamh-mheasta fuinnimh atá le táirgeadh nó le stóráil;

(g) méid réamh-mheasta CO_2 atá le stóráil;

(h) faisnéis maidir le foirm dlí na tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht a d'iarr togróir an tionscadail.

5. Ar bhonn an mhéid a cuireadh in iúl de bhun mhír 4 den Airteagal seo, agus tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 21(2), glacfaidh an Coimisiún an cinneadh dámhachtana lena sonraítear an tacaíocht le haghaidh na dtionscadal roghnaithe agus, i gcás inarb iomchuí, tarraingeoidh sé suas liosta ionadaithe.

Airteagal 12b

Nós imeachta roghnúcháin le haghaidh tionscadail ar mhionscála

De mhaolú ar Airteagail 12 agus 12a, féadfar nós imeachta roghnúcháin sonrach a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail ar mhionscála.";

(5) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cur chun feidhme an cúnamh forbartha tionscadail a dhámhachtain i gcomhréir le hAirteagal 12(2) nó le hAirteagal 12a(3) i bhfoirm deontais nó i bhfoirm cúnamh teicniúil.";

(6) leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) an liosta tionscadal réamhroghnaithe, lena n-áirítear an liosta ionadaithe, agus an liosta tionscadal atá beartaithe le haghaidh cúnamh forbartha tionscadail i gcomhréir le hAirteagal 12(2), an dara fomhír nó le hAirteagal 12a(3), roimh dhámhachtain na tacaíochta;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tuairisceoidh an Coimisiún do na Ballstáit maidir leis an dul chun cinn atá déanta a mhéid a bhaineann leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, go háirithe maidir le cur chun feidhme na gcinntí dámhachtana dá dtagraítear in Airteagal 12(5) nó in Airteagal 12a(5).";

(7) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Cuirfidh togróirí an tionscadail faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo sa phlean um malartú eolais arna chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 10(2), an tríú fomhír.".

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN